Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2023/2129(DEC)

17.10.2023

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2022: Buiséad ginearálta AE - an Coimisiún Eorpach (2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Christine Anderson

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur, bunluachanna iad comhionannas inscne agus díothú neamhionannas ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus an gealltanas comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile mar a chumhdaítear in Airteagal 8 CFAE;

1. á chur i bhfáth gur cheart comhdheiseanna d'fhir agus do mhná a thabhairt i ngach réimse beartais; mar sin féin, ba cheart sonraí atá bunaithe ar fhianaise a bheith mar bhonn, seachas na bhfeadanna graosta atá ag éileamh go bhfuil tionchar níos mó ag an gcogadh, ag Covid, ag an athrú aeráide ar mhná, nó gurb é an réiteach is fearr do mhná níos mó ginmhilltí a dhéanamh; dá bhrí sin, is féidir coigilteas a dhéanamh sa phróiseas buiséadach trí na línte buiséadacha sin a laghdú;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di díspreagadh ar ghrúpaí a thacaíonn le mná torracha; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin contrártha le hAirteagal 2 CAE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i gcás ina gcumhdaítear an ceart chun na beatha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin easpa measa ar inniúlachtaí na mBallstát i réimse na sláinte; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí deireadh le maoiniú d'eagraíochtaí a chuireann ginmhilleadh chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar phríomhaidhmeanna na ndaoine sin a dtugann AE cistí dóibh agus cistiú a choinneáil siar ó ghníomhaithe atá ag baint úsáid as cistí ó AE ar mhaithe le cearta an duine a fhoirceannadh, go háirithe cearta na mban agus an comhionannas inscne;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil an príomhshruthú inscne lochtach, toisc go gcuirfeadh sé iallach ar mhná róil, fostaíocht agus féiniúlachtaí a dhéanamh, rud nach mian leo, seachas deis a thabhairt do dhaoine aonair agus do theaghlaigh cinneadh a dhéanamh;

4. ag cur sonrú i modheolaíocht lochtach maidir le bearna phá 12.7 % idir na hinscní san Aontas a ríomh, toisc nach gcuirtear san áireamh rogha an duine obair ar phá níos ísle a dhéanamh, nó ar cineál oibre é atá páirtaimseartha;

5. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé an foréigean agus an gháinneáil a chomhrac, mar a leagtar amach i dtionscnamh Daphne ach á iarraidh go mbeadh trédhearcacht ann maidir le torthaí an airgid a infheistítear.